Scéal dearfach, scéal diúltach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi dhá scéal éagsúla

Sula bhféachann sibh ar an tuairisc:

(a) Déan féin agus an duine in aice leat plé ar a bhfuil ar eolas agaibh faoi na scéalta seo a leanas:

1) Na gradaim *Oscars*
2) Comhaontú pá don tseirbhís phoiblí

(b) An féidir libh an leagan Gaeilge de na focail / frásaí thíos a aimsiú?

1) first actor to have achieved such _____
2) 16th president of the United States _____
3) a fair amount _____
4) during his life _____
5) in the other main categories _____
6) moved/ excited _____
7) Irish nominations _____
8) the Wicklow man's achievements _____
9) will be cut _____
10) premium payments _____
11) trade unions _____

Anois féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an mhír den dara huair agus scríobh achoimre ghairid ar an dá scéal inti. Féach cad a bhí ag an duine in aice leat ansin.

Ceist 3 '…*fear <u>na Breataine</u> agus <u>na hÉireann</u>*…'

(i) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu thuas?
(ii) An mbíonn na tíortha firinscneach nó baininscneach de ghnáth?
(iii) Cuir na tíortha seo sa tuiseal ginideach anois agus cuir in abairtí iad.

An Spáinn
An Fhrainc
An Ghearmáin
An Iodáil
An Phortaingéil
An Iorua
An Eilvéis
An Danmhairg
An Fhionlainn
An tSualainn

Ceist 4 '…*ciorrófar*…' agus '…*cuirfear*…'

Níl ach aon bhriathar mírialta déag sa Ghaeilge agus ní mór an méid é sin i gcomparáid le teangacha eile. Líon na bearnaí sa bhosca thíos leis an fhoirm cheart den bhriathar saor sna haimsirí éagsúla.

	An Aimsir Chaite	**An Aimsir láithreach**	**An Aimsir Fháistineach**	**An Modh Coinníollach**
Abair	Dúradh	Deirtear	Déarfar	Déarfaí
Bí				
Beir				
Clois				
Déan				
Faigh				
Feic				
Ith				
Tabhair				
Tar				
Téigh				

Ceist 5 Scríobh alt gairid ar aon cheann de na scannáin a luadh sa mhír, nó faoin scannán is fearr a chonaic tú le bliain anuas. Bíodh na pointí seo mar chuid den alt:

Ainm an scannáin
Stiúrthóir an scannáin
Cén cineál seánra lena mbaineann sé
Scéal an scannáin
An fáth ar thaitin sé leat
Aon rud nár thaitin leat

Léigh an méid a scríobh an duine in aice leat ansin.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa

- Cén fáth a n-íocann daoine cáin, dar leat?
- Ar cheart do dhaoine a shaothraíonn níos mó ná daoine eile níos mó cánach a íoc? Cén fáth?
- Tá cúlú eacnamaíochta againn in Éirinn faoi láthair. Cé air a bhfuil an locht as muid ar fad a bheith thíos leis, dar leat?

Freagraí

Ceist 1 (a)
Tabhair deis do gach beirt aon ní atá ar eolas acu faoin dá scéal a phlé le chéile.

Ceist 1 (b)

1) He is the only actor ever to have ever achieved the likes	*Is é an t-aon aisteoir riamh é a leithéid a bhaint amach*
2) 16th president of the United States	*An séú huachtarán déag ar na Stáit Aontaithe*
3) a fair amount	*riar maith*
4) during his life	*le linn a shaoil*
5) in the other main categories	*sna hollchatagóir eile*
6) moved/ excited	*corraithe*
7) the Irish nominations	*na hainmniúcháin Éireannacha*
8) the Wicklow man's achievement	*éacht fhear Chill Mhantáin*
9) will be cut	*ciorrófar*
10) premium payments	*íocaíochtaí préimhe*
11) trade unions	*ceardchumainn*

Ceist 2
Iarr orthu achoimre a scríobh tar éis dóibh an mhír a fheiceáil dhá uair.

Ceist 3
(i) An tuiseal ginideach, uatha.
(ii) Baininscneach de ghnáth.
(iii)

An Spáinn:	*na Spáinne*
An Fhrainc:	*na Fraince*
An Ghearmáin:	*na Gearmáine*
An Iodáil:	*na hIodáile*
An Phortaingéil:	*na Portaingéile*
An Iorua:	*na hIorua*
An Eilvéis:	*na hEilvéise*
An Danmhairg:	*na Danmhairge*
An Fhionlainn:	*na Fionlainne*
An tSualainn :	*na Sualainne*

Ceist 4

	An Aimsir Chaite	An Aimsir láithreach	An Aimsir Fháistineach	An Modh Coinníollach
Abair	Dúradh	Deirtear	Déarfar	Déarfaí
Bí	Bhíothas	Bítear	Beifear	Bheifí
Beir	Rugadh	Beirtear	Béarfar	Bhéarfaí
Clois	Chualathas	Cloistear	Cloisfear	Chloisfí
Déan	Rinneadh	Déantar	Déanfar	Dhéanfaí
Faigh	Fuarthas	Faightear	Gheofar	Gheofaí
Feic	Chonacthas	Feictear	Feicfear	D'fheicfí
Ith	Itheadh	Itear	Íosfar	Íosfaí
Tabhair	Tugadh	Tugtar	Tabharfar	Thabharfaí
Tar	Thángthas	Tagtar	Tiocfar	Thiocfaí
Téigh	Chuathas	Téitear	Rachfar	Rachfaí

Ceist 5
Is ceacht scríofa é seo. Tabhair tamall do gach foghlaimeoir a alt féin a scríobh sula léifidh sé alt an duine in aice leis.

Ceist 6
Tabhair tamall do na daltaí na ceisteanna a phlé i ngrúpaí.

Na gradaim *Oscars*

Eibhlín Ní Choistealbha
Ar deireadh tráthnóna, oíche stairiúil a bhí inti ag na Gradaim *Oscars* in Hollywood aréir agus gradam don aisteoir is fearr buaite ag Daniel Day Lewis don dtríú[1] huair. Is é an t-aon aisteoir riamh é a leithéid a bhaint amach.

An séú huachtarán déag ar na Stáit Aontaithe, Abraham Lincoln, agus a scéal léirithe go healaíonta ag fear na Breataine agus na hÉireann, Daniel Day Lewis. Ag glacadh lena ghradam don aisteoir is fearr in Hollywood aréir, dúirt Daniel Day go raibh riar maith onóracha[2] éagsúla bronnta air le linn a shaoil.

Sna hollchatagóir eile bhuaigh *Argo* a bhí stiúrtha ag Ben Affleck an gradam don scannán is fearr. Is í Jennifer Lawrence a chuaigh abhaile leis an ngradam don mbanaisteoir[3] is fearr as a taispeántas siúd sa scannán *Silver Linings Playbook* agus í chomh corraithe sin faoi go dtit[4] sí ar a slí chun stáitse. Bhuaigh Quentin Tarantino an gradam don script scannáin is fearr dá scannán *Django Unchained*. Agus cé nár éirigh leis na hainmniúcháin Éireannacha eile, Fódhla Cronin O'Reilly as Ciarraí agus Séamus Mac Gairbhí, aon ghradam a bhuachtaint[5] dá n-iarrachtaí siúd ní dhéanfar dearúd[6] go deo ar éacht fhear Chill Mhantáin ar éirigh leis rud nach bhfuil déanta ag aon aisteoir eile riamh i stair Hollywood a bhaint amach aréir.

Príomhscéal an lae: Comhaontú Pá

Eibhlín Ní Choistealbha
Príomhscéal an lae arís sara bhfágfaimid sibh tráthnóna. Tá comhaontú nua pá don tseirbhís phoiblí aontaithe i ndiaidh cainteanna a mhair breis is ceithre huaire fichead. Faoin socrú, ciorrófar pá oibrithe atá ar ard-ioncam agus gearrfar íocaíochtaí préimhe. Cuirfidh ceardchumainn na moltaí faoi bhráid a gcuid ball anois agus má ghlactar leo cuirfear na ciorruithe i bhfeidhm ó mhí Iúil na bliana seo go ceann trí bliana. Agus leis sin a chairde, sin a bhfuil againn daoibh faoi láthair. Ó gach éinne a bhí i mbun oibre inniu, slán is beannacht.

[1] *don tríú* atá sa chaighdeán oifigiúil; uraítear focail dar tús **d** agus **t** i ndiaidh 'don' i gcanúint na Mumhan
[2] *riar mhaith onóir* a deirtear
[3] *don bhanaisteoir* atá sa chaighdeán oifigiúil
[4] *gur thit* atá sa chaighdeán oifigiúil
[5] *a bhuachan* atá sa chaighdeán oifigiúil
[6] *dearmad* atá sa chaighdeán oifigiúil; 'dearúd' an leagan atá i gcanúint na Mumhan